II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/34 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Nollaig 2021

lena leasaítear Iarscríbhinní III, VIII, IX agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh éin ghéim fhiáin áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, coinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlaoscacha áirithe, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, táirgí iascaigh áirithe, agus cos froganna agus seilidí a theacht isteach san Aontas, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/82/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1)(b) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 127(2) agus (4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún ([3]) leagtar amach na ceanglais maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus d'earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine ó thríú tíortha nó ó réigiúin sna tíortha sin a theacht isteach san Aontas, lena áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sna rialacha maidir le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 nó na ceanglais a aithnítear a bheith ar a laghad coibhéiseach leo. Go háirithe, maidir leis na hearraí sin agus na hainmhithe sin a theacht isteach san Aontas, tá sé faoi réir an cheanglais maidir le teacht ó thríú tír nó ó réigiún de thríú tír atá san áireamh ar liosta i gcomhréir le hAirteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí d'ainmhithe agus d'earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha agus réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le hAirteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 a theacht isteach san Aontas.

(3) Chun go gcuirfear ar an liosta iad, ní mór do thríú tír nó do réigiún i dtríú tír na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127 de Rialachán (AE) 2017/625 agus na rialacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 a chomhlíonadh.

(4) Foráiltear le hAirteagal 4, pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 gur réamhriachtanas é, ó thaobh tríú tíortha nó réigiúin de thríú tír a áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625, clár rialaithe iarmhar a bheith ann, é a bheith á chur chun feidhme agus é a bheith á chur in iúl, ar clár é a d'fhormheas an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme. Le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún ([5]) formheasadh na pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar a chuir tríú tíortha áirithe isteach maidir le hainmhithe sonracha agus le táirgí ainmhithe sonracha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315 ón gCoimisiún ([6]), baineadh formheas phlean na Túinéise chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le géim fhiáin. Dá bhrí sin, ba cheart an Túinéis a bhaint den liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh éin ghéim fhiáin áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas, rud a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Cuireadh an Túinéis ar an eolas dá réir.

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, formheasadh plean na hÚcráine chun faireachán a dhéanamh maidir le gastrapóid mhuirí lena mbaineann an fhochatagóir "moilisc". Ós rud é gur chuir an Úcráin fianaise agus ráthaíochtaí iomchuí ar fáil go gcomhlíonann sí ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le coinsíneachtaí de ghastrapóid mhuirí ón dobharshaothrú a theacht isteach san Aontas, ba cheart an tríú tír sin a chur leis an liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlaoscacha áirithe, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí a theacht isteach san Aontas, rud a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Cuireadh an Úcráin ar an eolas dá réir.

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, roinneadh an chatagóir "táirgí dobharshaothraithe" san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ina ceithre fhochatagóir "iasc eite", "táirgí éisc eite", e.g. caibheár, "crústaigh" agus "moilisc". Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus soiléireachta, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú, chun na fochatagóirí de tháirgí dobharshaothraithe a bhfuil na tríú tíortha údaraithe ina leith a shonrú, i gcás inarb ábhartha.

(8) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, formheasadh pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le táirgí dobharshaothraithe ón Albáin, ón Airgintín, ón mBealarúis, ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ón tSile, ó Oileáin Fháclainne, ó Oileáin Fharó, ó Oileán Mhanann, ó Iosrael, ón tSeapáin, ón gCéinia, ó Oileán Mhuirís, ón Moldóiv, ó Mhontainéagró, ón Nua-Shéalainn, ón Macadóin Thuaidh, ón tSeirbia, ó Shingeapór, ón Eilvéis, ón Túinéis, ón Tuirc, ó Uganda, ón Ríocht Aontaithe agus ó Uragua i gcás inarb infheidhme maidir leis an bhfochatagóir "iasc eite", i measc rudaí eile. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú chun an formheas sin a léiriú. Cuireadh na tríú tíortha sin ar an eolas dá réir.

(9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, formheasadh pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le táirgí dobharshaothraithe ón mBanglaidéis, ón mBrasaíl, ó Cheanada, ón tSín, ón gColóim, ó Chósta Ríce, ó Eacuadór, ó Hondúras, ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ó Mheicsiceo, ó Mharacó, ó Mhaenmar/Burma, ó Phanama, ó Pheiriú, ó na hOileáin Fhilipíneacha, ón Araib Shádach, ón gCóiré Theas, ó Shrí Lanca, ón Téaváin, ón Téalainn, ó na Stáit Aontaithe agus ó Vítneam i gcás inarb infheidhme maidir leis an bhfochatagóir "iasc eite" agus "crústaigh", i measc rudaí eile. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú chun an formheas sin a léiriú. Cuireadh na tríú tíortha sin ar an eolas dá réir.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

([5]) Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna a chuir tríú tíortha isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/163/AE maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 464, 28.12.2021, lch. 17).

(10) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, formheasadh pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le táirgí dobharshaothraithe ón mBeilís, ó Bhrúiné, ó Chúba, ó Ghuatamala, ó Mhósaimbíc, ón Nua-Chaladóin, ó Nicearagua, ón Tansáin agus ó Veiniséala maidir leis an bhfochatagóir "crústaigh". Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú chun an formheas sin a léiriú. Cuireadh na tríú tíortha sin ar an eolas dá réir.

(11) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, formheasadh plean na hIaráine chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir leis na fochatagóirí "táirgí éisc eite (caibheár)" agus "crústaigh". Ós rud é gur chuir an Iaráin fianaise agus ráthaíochtaí leordhóthanacha ar fáil go gcomhlíonann sí ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le coinsíneachtaí de tháirgí éisc eite (caibheár) agus de chrústaigh ón dobharshaothrú a theacht isteach san Aontas, is iomchuí leasú a dhéanamh ar an iontráil atá aici sa liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear chun coinsíneachtaí de tháirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, rud a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Cuireadh an Iaráin ar an eolas dá réir.

(12) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315, tarraingíodh siar formheas phlean Óman chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le hiasc eite. Dá bhrí sin, ba cheart Óman a bhaint den liosta de thríú tíortha nó de réigiúin sna tíortha sin a údaraítear chun coinsíneachtaí de tháirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, rud a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Cuireadh Óman ar an eolas dá réir.

(13) Le hIarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, bunaítear an liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear chun coinsíneachtaí de chosa froganna agus coinsíneachtaí seilidí a theacht isteach san Aontas. Ba cheart an tSeoirsia agus an Rúis a chur leis an liosta sin maidir le seilidí ós rud é gur chuir siad fianaise agus ráthaíochtaí iomchuí ar fáil go gcomhlíonann siad ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le coinsíneachtaí de na hearraí sin a theacht isteach san Aontas.

(14) Le Cinneadh 2007/82/CE ón gCoimisiún ([7]), ceanglaítear ar na Ballstáit cosc a chur ar gach táirge iascaigh a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine a allmhairiú ón nGuine. Rinne an Coimisiún iniúchadh sa Ghuine in 2019 chun meastóireacht a dhéanamh ar na córais rialaithe atá i bhfeidhm agus lena rialaítear táirgí iascaigh a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-onnmhairiú chuig an Aontas. An 7 Bealtaine 2021, chuir an Coimisiún an Ghuine ar an eolas go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sásúil agus gur dúnadh iniúchadh 2019 go rathúil. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2007/82/CE a aisghairm. I bhfianaise thoradh an iniúchta, is iomchuí leanúint den Ghuine a liostú in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 mar thríú tír a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí éisc a ghabhtar go fiáin agus nach ndearnadh aon oibríocht phróiseála ná ullmhúcháin orthu seachas dícheannadh, dí-inniú, fuarú nó reo a theacht isteach san Aontas.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní III, VIII, IX agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.

(16) Ar mhaithe le comhsheasmhacht le Cinneadh 2011/163/AE agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinní III, VIII, IX agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh 2007/82/CE.

([7]) Cinneadh 2007/82/CE ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2007 maidir le bearta éigeandála lena gcuirtear allmhairí táirgí iascaigh a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine ó Phoblacht na Guine ar fionraí (IO L 28, 3.2.2007, lch. 25).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN III

Liosta de thríú tíortha nach n-údarófar éin ghéim fhiáin, nach bhfuil cluimhrithe agus nach bhfuil dí-innithe agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas uathu ach amháin más ar eitleán a iompraítear iad, dá dtagraítear in Airteagal 6

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR	NÓTAÍ
AR	An Airgintín	
BR	An Bhrasaíl	
CA	Ceanada	
CL	An tSile	
IL	Iosrael [1]	
NZ	An Nua-Shéalainn	
TH	An Téalainn	
US	Na Stáit Aontaithe	

[1] Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha atá faoi riar Iosrael ó mhí an Mheithimh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

IARSCRÍBHINN VIII

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte a theacht isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 12

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR NÓ RÉIGIÚIN SA TÍR SIN	NÓTAÍ
AU	An Astráil	
CA	Ceanada	
CH	An Eilvéis ([1])	
CL	An tSile	
GB	An Ríocht Aontaithe ([2])	
GG	Geansaí	Gabháil fhiáin amháin
GL	An Ghraonlainn	Gabháil fhiáin amháin
IM	Oileán Mhanann	
JE	Geirsí	Gabháil fhiáin amháin
JM	Iamáice	Gastrapóid mhuirí ó ghabháil fhiáin amháin
JP	An tSeapáin	Moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí reoite nó phróiseáilte, agus iad sin amháin
KR	An Chóiré Theas	Moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí reoite nó phróiseáilte, agus iad sin amháin
MA	Maracó	Beidh an méid seo a leanas ag gabháil le moilisc dhébhlaoscacha phróiseáilte den speiceas *Acanthocardia tuberculatum*: (a) fianú sláinte breise i gcomhréir leis an MOL-AT samplach a leagtar amach i gCaibidil 32 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ([3]); agus (b) torthaí anailíseacha na tástála lena léirítear nach bhfuil leibhéal nimhe pairilisí ó shliogiasc (PSP) sna moilisc ar féidir é a bhrath leis an modh bithmheasúnachta
NZ	An Nua-Shéalainn	
PE	Peiriú	*Pectinidae* (muiríní) de thionscnamh dobharshaothraithe agus iad sin amháin
TH	An Téalainn	Moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí reoite nó phróiseáilte, agus iad sin amháin
TN	An Túinéis	
TR	An Tuirc	A mhéid a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha, moilisc dhébhlaoscacha reoite nó phróiseáilte amháin
UA	An Úcráin	Gastrapóid mhuirí amháin
US	Na Stáit Aontaithe	Táirgí a thionscnaítear in Washington State agus in Massachusetts
UY	Uragua	
VN	Vítneam	Moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí reoite nó phróiseáilte, agus iad sin amháin

(1) I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

(2) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe, samhlacha de dheimhnithe oifigiúla agus samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla, maidir le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus a ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniú oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

IARSCRÍBHINN IX

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 13, Airteagal 18(3), Airteagal 19(4), agus Airteagal 20(3), agus Airteagal 22(b) agus Airteagal 25(d)

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR NÓ RÉIGIÚIN SA TÍR SIN	NÓTAÍ
AE	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	Dobharshaothrú: Amhábhar ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha eile arna bhformheas i dtaobh an amhábhair sin a thabhairt isteach san Aontas, agus é sin amháin
AG	Antigua agus Barbúda	Gliomaigh bheo ó ghabháil fhiáin, agus iad sin amháin
AL	An Albáin	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
AM	An Airméin	Cráifisc bheo, cráifisc theaschóireáilte agus cráifisc reoite ó ghabháil fhiáin amháin
AO	Angóla	Gabháil fhiáin amháin
AR	An Airgintín	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
AU	An Astráil [1]	
AZ	An Asarbaiseáin	Caibheár ó ghabháil fhiáin amháin
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
BD	An Bhanglaidéis	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
BJ	Beinin	Gabháil fhiáin amháin
BN	An Bhurúin	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
BQ	Bonaire, Sint Eustatius, Saba	Gabháil fhiáin amháin
BR	An Bhrasaíl	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
BS	Na Bahámaí	Gabháil fhiáin amháin
BY	An Bhealarúis	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
BZ	An Bheilís	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
CA	Ceanada	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
CG	An Congó	Gabháil fhiáin amháin. Táirgí iascaigh a dhéantar a ghabháil, a reo agus a phacáil sa phacáistíocht chríochnaitheach ar muir agus na táirgí sin amháin
CH	An Eilvéis [2]	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
CI	An Cósta Eabhair	Gabháil fhiáin amháin
CL	An tSile	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
CN	An tSín	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
CO	An Cholóim	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
CR	Cósta Ríce	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
CU	Cúba	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
CV	Cabo Verde	Gabháil fhiáin amháin
CW	Cúrasó	Gabháil fhiáin amháin

DZ	An Ailgéir	Gabháil fhiáin amháin
EC	Eacuadór	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
EG	An Éigipt	Gabháil fhiáin amháin
ER	An Eiritré	Gabháil fhiáin amháin
FJ	Fidsí	Gabháil fhiáin amháin
FK	Oileáin Fháclainne	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
FO	Oileáin Fharó	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
GA	An Ghabúin	Gabháil fhiáin amháin
GB	An Ríocht Aontaithe ([3])	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
GD	Greanáda	Gabháil fhiáin amháin
GE	An tSeoirsia	Gabháil fhiáin amháin
GG	Geansaí	Gabháil fhiáin amháin
GH	Gána	Gabháil fhiáin amháin
GL	An Ghraonlainn	Gabháil fhiáin amháin
GM	An Ghaimbia	Gabháil fhiáin amháin
GN	An Ghuine	Gabháil fhiáin amháin Iasc nach ndearnadh aon oibríocht ullmhúcháin ná próiseála orthu seachas dícheannadh, dí-inniú, fuarú nó reo, agus iad sin amháin
GT	Guatamala	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
GY	An Ghuáin	Gabháil fhiáin amháin
HK	Hong Cong	Gabháil fhiáin amháin
HN	Hondúras	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
ID	An Indinéis	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
IL	Iosrael ([4])	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
IM	Oileán Mhanann	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
IN	An India	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
IR	An Iaráin	Dobharshaothrú: táirgí éisc eite (caibheár) agus crústaigh amháin
JE	Geirsí	Gabháil fhiáin amháin
JM	Iamáice	Gabháil fhiáin amháin
JP	An tSeapáin	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
KE	An Chéinia	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
KI	Cireabaití	Gabháil fhiáin amháin
KR	An Chóiré Theas	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
KZ	An Chasacstáin	Gabháil fhiáin amháin
LK	Srí Lanca	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
MA	Maracó	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
MD	An Mholdóiv	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin

ME	Montainéagró	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
MG	Madagascar ([1])	
MK	An Mhacadóin Thuaidh	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
MM	Maenmar/Burma	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
MR	An Mháratáin	Gabháil fhiáin amháin
MU	Oileán Mhuirís	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
MV	Oileáin Mhaildíve	Gabháil fhiáin amháin
MX	Meicsiceo	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
MY	An Mhalaeisia	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
MZ	Mósaimbíc	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
NA	An Namaib	Gabháil fhiáin amháin
NC	An Nua-Chaladóin	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
NG	An Nigéir	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
NI	Nicearagua	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
NZ	An Nua-Shéalainn	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
PA	Panama	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
PE	Peiriú	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
PF	Polainéis na Fraince	Gabháil fhiáin amháin
PG	Nua-Ghuine Phapua	Gabháil fhiáin amháin
PH	Na hOileáin Fhilipíneacha	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
PM	San Pierre agus Miquelon	Gabháil fhiáin amháin
PK	An Phacastáin	Gabháil fhiáin amháin
RS	An tSeirbia	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
RU	An Rúis	Gabháil fhiáin amháin
SA	An Araib Shádach	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
SB	Oileáin Sholomón	Gabháil fhiáin amháin
SC	Na Séiséil	Gabháil fhiáin amháin
SG	Singeapór	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
SH	San Héilin (Gan Tristan da Cunha agus Oileán na Deascabhála san áireamh)	Gabháil fhiáin amháin
	Tristan da Cunha (Gan San Héilin agus Oileán na Deascabhála san áireamh)	Gliomaigh (úr nó reoite) ó ghabháil fhiáin amháin
SN	An tSeineagáil	Gabháil fhiáin amháin
SR	Suranam	Gabháil fhiáin amháin
SV	An tSalvadóir	Gabháil fhiáin amháin
SX	Sint Maarten	Gabháil fhiáin amháin

TH	An Téalainn	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
TN	An Túinéis	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
TR	An Tuirc	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
TW	An Téaváin	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
TZ	An Tansáin	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
UA	An Úcráin	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
UG	an Téaváin	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
US	Na Stáit Aontaithe	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
UY	Uragua	Dobharshaothrú: Iasc eite amháin
VE	Veiniséala	Dobharshaothrú: Crústaigh amháin
VN	Vítneam	Dobharshaothrú: Iasc eite agus crústaigh amháin
YE	Éimin	Gabháil fhiáin amháin
ZA	An Afraic Theas	Gabháil fhiáin amháin
ZW	An tSiombáib	Gabháil fhiáin amháin

([1]) Is féidir leis na tríú tíortha seo nó na réigiúin sna tíortha sin gach táirge iascaigh a onnmhairiú (iasc eite, táirge éisc eite agus crústaigh).

([2]) I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

([3]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

([4]) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha atá faoi riar Iosrael ó mhí an Mheithimh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

IARSCRÍBHINN XI

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí cos froganna agus coinsíneachtaí seilidí a theacht isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 17

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR NÓ RÉIGIÚIN SA TÍR SIN	NÓTAÍ
AL	An Albáin	
AM	An Airméin	Seilidí amháin
AU	An Astráil	
AZ	An Asarbaiseáin	
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	Seilidí amháin
BR	An Bhrasaíl	Cosa froganna amháin
BY	An Bhealarúis	Seilidí amháin
CA	Ceanada	Seilidí amháin
CH	An Eilvéis ([1])	
CI	An Cósta Eabhair	Seilidí amháin
CL	An tSile	Seilidí amháin
CN	An tSín	
DZ	An Ailgéir	Seilidí amháin
EG	An Éigipt	Cosa froganna amháin
GB	An Ríocht Aontaithe ([2])	
GE	An tSeoirsia	Seilidí amháin
GG	Geansaí	
GH	Gána	Seilidí amháin
ID	An Indinéis	
IM	Oileán Mhanann	
IN	An India	Cosa froganna amháin
JE	Geirsí	
MA	Maracó	Seilidí amháin
MD	An Mholdóiv	Seilidí amháin
MK	An Mhacadóin Thuaidh	Seilidí amháin
NG	An Nigéir	Seilidí amháin
NZ	An Nua-Shéalainn	Seilidí amháin
PE	Peiriú	Seilidí amháin
RS	An tSeirbia	Seilidí amháin
RU	An Rúis	Seilidí amháin
TH	An Téalainn	Seilidí amháin
TN	An Túinéis	Seilidí amháin
TR	An Tuirc	

UA	An Úcráin	Seilidí amháin
US	Na Stáit Aontaithe	Seilidí amháin
VN	Vítneam	
ZA	An Afraic Theas	Seilidí amháin

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

([2]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann."